



S'EIRBHÍS AS GAELIGE ANOIS

ROGHNAIGH TODHCHAÍ DÁR DTEANGA - CHOOSE A FUTURE FOR IRISH

AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA & TRÁDALA ó dheas agus an ROYAL MAIL ó thuaidh

DÉAN TEAGMHÁIL LEO: Dé hAoine, 6 Meitheamh 2014

Cúlra:

Ag an gcrúinniú i Halla na Saoirse i mí Eanáir moladh gur chóir seirbhís as Gaeilge a lorg ó chomhlachtaí / ranna stáit éagsúla go rialta leis an líon éileamh ar sheirbhísí Gaeilge a mhéadú. Tá sé i gceist againn mar sin, comhlacht / roinn stáit a roghnú uair sa mhí agus daoine a mhealladh le seirbhís Ghaeilge a lorg ón gcomhlacht / roinn stáit sin. I mí Bealtaine roghnaíomar an Roinn Comhshaoil agus d'éirigh go maith leis an lá.

Roghnaíodh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ó dheas agus an Royal Mail ó thuaidh le díriú orthu i mí an Mheithimh. Tá eolas breise thíos chun cabhrú leat más mian leat a bheith páirteach san obair seo

An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála ó dheas

Ceisteanna samplacha gur féidir a chur ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha ó dheas **Dé hAoine, 6 Meitheamh 2014**

Oifig na bPas

- Chaill mé mo phas, conas a fhaighim ceann nua?
- Conas gur féidir liom m'ainm a úsáid as Gaeilge ar mo phas?

Eile

- An bhfuil gá dom víosa a fháil le dul ar chuairt go dtí an Téalainn nó eile?
- An bhfuil an Roinn Gnóthaí Eachtracha sásta a éileamh ar Rialtas na Breataine chun an Ghaeilge a chur san áireamh arís mar ábhar GCSE i Sasana?
- Céard atá an Roinn Gnóthaí Eachtracha ag déanamh le cinntiú go mbeidh Acht Gaeilge ó thuaidh mar a gealladh i gComhaontú Cill Rimhín?

Dar ndóigh, d'fhéadfaí ceisteanna a chur orthu maidir le taisteal, ambasáidí, srl. más fearr leat.

Sonraí Teagmhála:

Láthair	Fón
An Roinn Gnóthaí Eachtracha ó dheas	
Ceanncheathrú, BÁC 2	+ 353 (0)1 408 2000
Oifig na bPas, BÁC	+353 (0)1 671 1633
Oifig na bPas, Corcaigh	+353 (0)21 494 4700
Ag glaoc ó na 6 Contae	0845 8504321

An Royal Mail ó thuaidh

Taimid ag moladh litreacha le seoltaí Gaeilge orthu a chur sa phost **Dé hAoine, 6 Meitheamh 2014**

Ceimeanna le glacadh

- Litreacha le seoltaí Gaeilge orthu a chur le post den chéad ghrád go dtí:
 1. seoladh sa bhaile ina chónaíonn tú ó thuaidh
 2. seoladh i gcontae éagsúil ó thuaidh
 3. seoladh ó dheas (is féidir seoladh oifig an Chonartha a úsáid más mian leat: 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2)
- Moltar litreacha a chur chuig na seoltaí ceanna as Béarla leis an difir san am seachadta a fhiosrú
- Ná déan dearmad an códphoist a chur leis an seoladh
- Déan taifead ar an dáta a shroicheann na litreacha éagsúla ceann scríbe
- Déan gearán leis an Royal Mail ag an uimhir thíos má bhíonn an litir níos mó ná lá déanach

Dar ndóigh, d'fhéadfaí ceisteanna a chur orthu maidir le costas postais, an oifig an phoist is giorra duit, srl. más fearr leat.

Sonraí Teagmhála:

Láthair	Fón
An Royal Mail ó thuaidh	
Béal Feirste	+44 845 774 0740

Aiseolas:

Tá sé fíorthábhachtach go gcoinníonn muid taifead ar an leibheál seirbhíse Gaeilge a fhaigheann gach duine a lorgaíonn seirbhís Dé hAoine. Bheimis fíor-bhuíoch díot, mar sin, dá bhféadfa an suirbhé gairid ag an nasc seo a líonadh le do thoil (ní ghlacfaidh sé ach 2 nóiméad):

- An Roinn Gnóthaí Eachtracha ó dheas: <https://www.surveymonkey.com/s/RoinnGET>
- Royal Mail ó thuaidh: <https://www.surveymonkey.com/s/RMail>



Breis Eolais / More Info: cearta@cnaig.ie